**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann chuige sin ar an bpáipéar seo**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA

### GNÁTHLEIBHÉAL

### DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH – IARNÓIN, 1.30 – 3.30

**Treoracha d'iarrthóirí:**

- Freagair GACH ceann de na CÚIG cheist laistigh
- Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na TRÍ chuid – A, B agus C
- Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid A NÓ cuid B
- Ceist 3 *ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid A AGUS cuid B NÓ cuid C
- Ceist 4 *ar leathanaigh 14, 15 agus 16*
  Freagair na TRÍ chuid – A, B agus C
- Ceist 5 *ar leathanaigh 17 agus 18*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat.
  Freagair na ceisteanna GO LÉIR.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

**CEIST 1**

**24 marc**

**Freagair GACH CEANN de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 marc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas, trí tic ( ✓ ) a chur sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla: Bhaintí úsáid as bró:*

(a) sa níochán ☐ (b) sa mhuilleoireacht ✓

(c) sa sníomh ☐ (d) san fhíodóireacht ☐ (1)

***1.*** Déantar staidéar ar nithe sean a aimsítear sa talamh ag:

(a) bitheolaithe ☐ (b) leabharlannaithe ☐

(c) staraithe ☐ (d) seandálaithe ☐ (1)

***2.*** Chónaíodh na Ceiltighi:

(a) liosanna ☐ (b) caisleáin ☐

(c) bailte ☐ (d) dolmainí ☐ (1)

***3.*** Chónaíodh na manaigh i:

(a) uaimheanna talún ☐ (b) séipéil ☐

(c) cillíní ☐ (d) crannóga ☐ (1)

***4.*** Ghluais na báid fhada Lochlannacha trí chumhacht:

(a) gaile ☐ (b) gaoithe ☐

(c) uisce ☐ (d) fuinneamh gréine ☐ (1)

***5.*** Cé acu de na daoine seo a leanas a bhí ina thiarna Normannach:

(a) Tiarna Caisleáin Riabhaigh ☐ (b) Brian Bóraimhe ☐

(c) Rí Sitric ☐ (d) Strongbow ☐ (1)

***6.*** Cén ceann de na bailte seo a tógadh le linn Phlandáil Uladh:

(a) Baile Átha Cliath ☐ (b) Doire ☐

(c) Corcaigh ☐ (d) Gaillimh ☐ (1)

*7.* Thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch:

(a) i Sasana
(b) sa Fhrainc
(c) sa Ghearmáin
(d) in Éirinn (1)

*8.* Cuireadh na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach ar bun chun síocháin a bhaint amach i ndiaidh:

(a) An Chéad Chogadh Domhanda
(b) An Dara Cogadh Domhanda
(c) Cogadh Vietnam War
(d) Coghadh na Murascaille (1)


*9.* Is féidir tranglama tráchta a laghdú trí úsáid a bhaint as:

(a) breosla níos saoire
(b) iompar poiblí
(c) carranna níos saoire
(d) níos mó monarchan (1)

*10.* Tá an Bhrasaíl suite:

(a) san Eoraip
(b) i Meiriceá Thuaidh
(c) san Áise
(d) i Meiriceá Theas (1)

*11.* Tomhaiseann an gléas seo sa phictiúr:



(a) treo na gaoithe
(b) báisteach
(c) teocht
(d) brú (1)

*12.* Cé acu seo a leanas atá ina hacmhainn inathnuaite:

(a) uisce
(b) ola
(c) gual
(d) iarann (1)

*13.* Is éard a thugtar ar dhá theach ceangailte le chéile ná:

(a) sraith
(b) leathscoite
(c) árasáin
(d) scoite (1)

*14.* Ar léarscáil Shuirbhéireachta ordanáis seasannan tsiombail  do:

(a) stáisiún traenach
(b) stáisiún Gárda
(c) stáisiún dóiteáin
(c) stáisiún bád tarrthála (1)



[ Thall

**(B) MAR A CHAITHEANN DÉAGOIR AFRAICEACH AN LÁ DE GHNÁTH (6 mharc)**

## MPOKO – CAILÍN Ó GHANA

Thart ar scór againn a chónaíonn sa champún seo. Aireoimid uainn an deartháir is sine liom, Awini. Bhí air dul ó dheas ag lorg oibre. Bíonn ar na páistí an campún a choinneáil glan. Ceann de na chéad tascanna a bhíonn le déanamh agam ar 5.00 a.m. ná an clós a scuabadh agus na babhlaí bia a ní.

Má bhíonn dóthain airgid againn agus más féidir le mo theaghlach déanamh gan mé, téim ar scoil. Tógann sé thart ar uair go leith orm siúl go dtí an scoil ag Gogo. Chuireamar díon nua ar an scoil le deireanas le cabhair Action Aid. Théinn ar scoil le mo chara mór, Jerfo, ach d'éirigh sí as. Is mór an náire é sin mar bhain mé taitneamh as cluichí bualadh bos a imirt léi. Bhímis ag canadh agus ag damhsa freisin. Ach anois táim ag fás suas agus is lú ama atá agam do chluichí agus canadh. Ceapaim go bhfuilim aon bhliain déag d'aois ach níl aon duine cinnte faoi toisc nach raibh teastais breithe againn nuair a rugadh mé. Ní bhíonn cóisirí againn ach amháin sa séasúr tirim nuair nach féidir linn obair fheirme a dhéanamh agus nuair a bhíonn bia agus roinnt airgid againn ón bhfómhar. Ceiliúraimid araon féilte Moslamacha agus ár bhféilte traidisiúnta creidimh féin.

Léigh scéal Mpoko agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

***1.*** Cé mhéad duine a chónaíonn sa champún?

____________________________________________ (1)

***2.*** Cén fáth a ndeachaigh deartháir Mpoko ó dheas?

____________________________________________

____________________________________________ (1)

***3.*** Cén fáth nár ligeadh do Mpoko dul ar scoil uaireanta?

____________________________________________

____________________________________________ (1)

***4.*** Cén fáth nach raibh Mpoko cinnte faoina haois?

____________________________________________ (1)

***5.*** Luaigh difríocht **AMHÁIN** idir saol Mpoko agus saol duine aon bhliain déag d'aois in Éirinn.

____________________________________________


____________________________________________

____________________________________________ (2)

**(C) LONNAÍOCHT IN ÉIRINN** **(6 mharc)**

Déan staidéar ar an bpictiúr de lonnaíocht móta agus bábhún thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

## MÓTA AGUS BÁBHÚN




***1.*** Tá coda éagsúla den lonnaíocht marcáilte **A** agus **B**. Ainmnigh **GACH CEANN** de na coda sin.

**A.** ______________________________

**B.** ______________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** ábhar tógála a húsáideadh chun an móta agus bábhún sa phictiúr a dhéanamh.

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

***3.*** Cén fáth a raibh sé deacair an bua a fháil in aon ionsaí ar an móta agus bábhún?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (2)



**[ Thall**

# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) <u>nó</u> (B)**

## (A) AN PHLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)

Scrudaigh an liosta thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

**Earraí a thug an *Sunflower of London* go Doire, Mí Iúil 1615**

5 ghrósa sluasaidí
1 bheart friochtán
8 bpota iarainn agus aon chiteal iarainn
3 bhairille gallúnaí
1 bhíoma iarainn
1 bhairille stáirse
1 choimeádán rísíní
1 choimeádán cuiríní
1 chorna de rópa
11 bhairille táirní
48 píce le clogaid
1 mhuscaed
6 bhairille de phúdar gunna

***1.*** Cathin a tugadh na hearraí go hÉirinn? ______________________ (1)

***2.*** Cén long a d'iompair na hearraí? ______________________ (1)

***3.*** Cathin a tháinig an long i dtír? ______________________ (1)

***4.*** Cé mhéad píce a tugadh go hÉirinn? ______________________ (1)

***5.*** Cé mhéad rópa a tugadh go hÉirinn? ______________________ (1)

***6.*** Ainmnigh uirlis troda **AMHÁIN** ón liosta a d'úsáid púdar gunna. ______________________ (1)

***7.*** Ainmnigh **DHÁ** earra ón liosta a d'fhéadfaí a úsáid chun cosaint a dhéanamh.

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

***8.*** Ainmnigh **DHÁ** earra ón liosta a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh tógála.

1. ____________________

2. ____________________ (2)

***9.*** Ainmnigh **DHÁ** earra ón liosta a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cócaireachta.

1. ______________ 2. ______________ (2)

***10.*** Tabhair píosa **AMHÁIN** fianaise ón liosta a léiríonn go ndéantaí teicstílí i nDoire.

____________________ (2)

***11.*** Mínigh conas a bhí nascanna (ceangail) ag na daoine i nDoire leis na daoine i Londain.

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________ (4)

***12.*** Scríobh alt faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na fáthanna ar cuireadh plandálacha i bhfeidhm.

(b) Na torthaí a bhain le Plandáil Uladh.

(c) An freagra a thug na Gaeil ar na plandálacha.

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________ (6)

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Léigh 'Scéal Maria Franco' thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.**

## Scéal Maria Franco

Cónaíonn Maria Franco sa Favela del Metro ar imeall Rio de Janeiro. Baintear úsáid as an bhfocal 'favela' sa Bhrasaíl le cur síos a dhéanamh ar na slumanna ina gcónaíonn 21 milliún Brasaíleach, meastar. Uair amháin ní raibh sa cheantar ina bhfuil Favela del Metro ach talamh gan mhaith - áit nach gcónódh aon duine ar ór ná ar airgead. Ach inniu is ar éigean spás folamh in áit ar bith ann. Cónaíonn na mílte daoine bochta ar nós Maria anois ann. Bhí orthu na ceantair tuaithe a fhágáil de bharr ocrais nó ganntanas talún nó easpa oibre agus bogadh isteach sna cathracha ag lorg oibre agus saoil níos fearr.

Ní hé Favela del Metro an áit is measa le cónaí ann mar, in ainneoin an bhochtanais, oibríonn na daoine go crua chun feabhas a chur ar an áit. Is áit ghlórach é toisc go ritheann an Metro, bóthar iarainn faoin talamh na cathrach, díreach faoi. Chomh maith leis sin, tá dhá bhóthar ghnóthacha ann go dtí an príomhbhóthar. Is bocht i gcoitinne iad na háiseanna sa favela toisc go bhfuil na daoine bocht.

Bíonn tithe daoine ar nós Maria chomh sobhriste sin, toisc iad a bheith déánta d'adhmad, gur furasta iad a leagan. Agus toisc go bhfuil an oiread sin tithe brúite le chéile in aon áit amháin bíonn baol tine ann i gcónaí. Is ceantar baolach do pháistí é toisc gur ar éigean gur féidir leo súgradh a dhéanamh mar gheall ar an síorthrácht.

***1.*** Cá bhfuil Favela del Metro? ____________________________ (1)

***2.*** Cad is favela ann? ____________________________ (1)

***3.*** Cé mhéad Brasaíleach a chónaíonn in favelas? ____________________________ (1)

***4.*** Luaigh **DHÁ** thoisc a chuireann brú ar na Brasaíligh an tuath a fhágáil.

1. ____________________ 2. ____________________ (2)

***5.*** Luaigh **DHÁ** thoisc a mheallann Brasaíligh go dtí na cathracha.

1. ____________________ 2. ____________________ (2)

***6.*** Cén fáth a gceapann Maria nach é Favela del Metro an áit chónaithe is measa?

____________________________________________

____________________________________________ (2)

*7.* Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil an Favela del Metro chomh glórach sin.

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

*8.* Cén **DÁ** chontúirt a bhíonn ag bagairt ar mhuintir an Favela del Metro toisc go bhfuil a gcuid tithe chomh sobhriste sin?

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

*9.* Luaigh bealach **AMHÁIN** a bhfuil difríocht idir an saol in favela agus an saol in Éirinn inniu.

______________________________ (2)

**Scrúdaigh an pictiúr de favela thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:**



*10.* Ainmnigh **DHÁ** ábhar tógála a úsáideann na daoine sa ghriangraf.

1. ________________ 2. ________________ (2)

*11.* Conas a léiríonn an pictiúr go bhfuil meon (spiorad) maith ag na daoine sa favela seo?

______________________________

______________________________ (2)

*12.* Luaigh píosa **AMHÁIN** fianaise ón ngriangraf a léiríonn go bhfuil roinnt daoine saibhre sa Bhrasaíl.

______________________________ (1)

*13.* Abair **DHÁ** rud a d'fhéadfadh rialtas na Brasaíle a dhéanamh chun saol na mbochtán sna favelas a fheabhsú.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

# CEIST 3
**24 marc**

**Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

## An Saol i mBaile Tionsclaíoch

Tá na monarchana suite i lár an bhaile. Is foirgnimh mhóra shalacha iad a bhfuil stoic simléir thuas ar a mbarr as a scairdeann deatach agus súiche amach san aer. Agus cruinnithe thart timpeall orthu is féidir sraitheanna tithe i ndiaidh a chéile a fheiceáil, iad brúite le chéile agus an chuma chéanna orthu go léir. Tá na ballaí salach agus tá cuid mhaith de na fuinneoga briste.

Is lánaí caola, nó cúirteanna, a scarann na sraitheanna tithe óna chéile. Tá na lánaí seo clúdaithe le bruscar a bhfuil boladh bréan air.

Ní bhíonn sna tithe atá ag formhór na dteaghlach a chónaíonn ann ach aon seomra amháin. Go deimhin, is i siléir fhuara thais a chónaíonn go leor teaghlach. Nuair a labhraíonn na teaghlaigh faoi 'throscán', is aon leaba amháin, tocht tuí, bord agus b'fhéidir cúpla stól a bhíonn i gceist acu. Níl uisce reatha le fáil sna tithe sin. Déanann sconna amháin taobh amuigh freastal ar shráid iomlán, sconna a chastar air ar feadh tamaill bhig gach lá. Pumpáltar an t-uisce seo amach as an abhainn áitiúil atá salach toisc go ndoirteann na monarchana a gcuid dramhaíle isteach san abhainn.

***1.*** Cá raibh na monarchana sa bhaile? ______________________ (1)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** thruailleán (ábhair shalacha) a thagann as simléirí na monarchan.

1. ______________________ 2. ______________________ (2)

***3.*** An raibh na tithe a bhí gar don mhonarcha scoite nó ina sraith? Cuir tic sa bhosca ceart thíos.

1. scoite ☐ 2. sraith ☐ (1)


***4.*** Cé mhéad seomra a bhíonn ag formhór na dteaghlach dóibh féin ______________ (1)

***5.*** Luaigh **DHÁ** chúis a mbíonn cuid mhaith tinnis i mbailte tionsclaíocha.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ (2)

Scrúdaigh an pictiúr thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.



***6.*** An dtaispeánann an pictiúr tionscal baile nó tionscal monarchan? Cuir tic sa bhosca ceart.

1. Tionscal baile ☐ 2. Tionscal monarchan ☐ (1)

***7.*** Mínigh **DHÁ** shlí inar tháinig athrú ar shaol na ndaoine nuair a cuireadh tús leis na monarchana.

**NÓ**

Déan cur síos ar **DHÁ** aireagán a chuidigh le teacht na Réabhlóide Tionsclaíche.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 marc)**

***1.*** Abair an **FÍOR NÓ BRÉAGACH GACH RÁITEAS** de na ráitis seo a leanas:

Chríochnaigh an Chéad Chogadh Domhanda i 1918.________________________________ (1)

Throid Éireannaigh sa Chéad Chogadh Domhanda. ________________________________ (1)

Scaoileadh an chéad bhuama adamhach sa Chéad Chogadh Domhanda. _____________ (1)

Is iad na Briotanaigh a cheap Plean Schlieffen. ________________________________ (1)

Baineadh úsáid as gás nimhneach sa Chéad Chogadh Domhanda. ____________________ (1)

Rinneadh ionradh ar an mBreatain sa Chéad Chogadh Domhanda. ____________________ (1)

***2.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Cogadh na Somme;
(b) An saol sna trinsí;
(c) Na hairm a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda;
(d) An Chéad Chogadh Domhanda ar muir.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 marc)**

*1.* Abair an **FÍOR NÓ BRÉAGACH GACH RÁITEAS** de na ráitis seo a leanas:

Mhair an Dara Cogadh Domhanda ar feadh fiche bliain. ____________________ (1)

Ba cheannaire Iodáileach é Mussolini. ____________________ (1)

Scriosadh Londain ag buama adamhach. ____________________ (1)

Tháinig an Páirtí Nazi i gcumhacht sa Bhreatain le linn an Dara Cogadh Domhanda ________ (1)

Bhí F. Roosevelt ina uachtarán ar na Stáit Aontaithe le linn an Dara Cogadh Domhanda ___ (1)

Aerfhórsa na Gearmáine a bhí sa Luftwaffe. ____________________ (1)

*2.* Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An t-ionsaí ar Pearl Harbour;
(b) Cath na Breataine;
(c) Ionradh D-Day;
(d) An Blitzkrieg.

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________ (6)



**[Thall**

# CEIST 4
**24 marc**

**Freagair GACH TRÍ chuid - (A) agus (B) agus (C)**

**(A) AN DOMHAN FORBARTHA** **(8 marc)**

Féach ar an ngriangraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Feirm i Loch Garman**




*1.* An bhfuil na meaisíní ag cur nó ag baint an bhairr? Cuir tic sa bhosca ceart.

ag cur ☐ ag baint ☐ (1)

*2.* An barr fréimhe nó barr gráin é? Cuir tic sa bhosca ceart.

barr fréimhe ☐ barr gráin ☐ (1)

*3.* Tabhair píosa **AMHÁIN** fianaise ón ngriangraf a léiríonn gur feirm ard-teicneolaíochta í.

_______________________________________________

_______________________________________________ (2)

*4.* Mínigh éifeacht **AMHÁIN** ar féidir a bheith ag innealra feirme ar an timpeallacht.

_______________________________________________

_______________________________________________ (2)

*5.* Mínigh fadhb **AMHÁIN** a bhí os comhair fheirmeoirí in Éirinn le deireanas.

_______________________________________________

_______________________________________________ (2)

**(B) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA** **(8 marc)**

Féach ar an ngriangraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

## Feirmeoirí i Ghana, an Afraic Thiar



***1.*** An bhfuil na daoine sa ghriangraf ag baint (an fhómhair) nó ag treabhadh? Cuir tic sa bhosca ceart.

ag baint ☐ ag treabhadh ☐ (1)

***2.*** Cén tasc atá ag an duine óg (gan hata) sa ghriangraf?

__________________________________________ (1)

***3.*** Cad iad na foinsí cumhachta atá in úsáid ar an bhfeirm seo?

1. ____________________ 2. ____________________ (2)

***4.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** go bhféachtar ar na páistí mar bhuntáiste ar fheirmeacha ar nós na feirme a léirítear sa ghriangraf?

__________________________________________

__________________________________________ (2)


***5.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** go bhfuil an cineál feirmeoireachta a léirítear go maith don timpeallacht.

__________________________________________

__________________________________________ (2)

**(C) DOMHAN DEIGHILTE** **(8 marc)**

Féach ar an gcartún thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.
Sa chartún, seasann **X** don **Chéad Domhan** (‘*an domhan forbartha*’) agus seasann **Y** don **TRÍÚ DOMHAN** (‘*an domhan i mbéal forbartha’*).




*1.* Cén rud a bhfuil farasbarr de ag an gCéad Domhan? ________________________________ (1)

*2.* Cad a insíonn an cartún dúinn faoin méid bia atá ar fáil sa Tríú Domhan?

__________________________________________________________________________ (1)

*3.* Cad í an teist a chuirtear sa chartún?

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (2)

*4.* Cén fáth a bhfuil sé chomh deacair sin bia a chur ó thíortha Chéad Domhain go tíortha Tríú Domhain?

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (2)

*5.* Abair slí **AMHÁIN** inar féidir acmhainní a roinnt níos cothroime ar fud an domhain.

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (2)

**CEIST 5**
**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus griangraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh **an léarscáil** S.O. 1 : 50,000 a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.
Taispeánann an léarscáil baile Ceatharlach agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh abhainn **AMHÁIN** a ritheann trí bhaile Ceatharlach.

______________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh príomhbhóthar nó bóthar den dara grád **AMHÁIN** a théann trí bhaile Ceatharlach.

______________________________ (2)

***3.*** Cén airde i méadair an pointe is airde ar an léarscáil?

______________________________ (2)

***4.*** Cad tá ag fás ag an bpointe is airde ar an léarscáil?

______________________________ (2)

***5.*** Tabhair píosa **AMHÁIN** fianaise gur chónaigh daoine sa cheantar seo fadó.

______________________________ (2)

***6.*** Ar fhianaise na léarscáile, luaigh **DHÁ** spórt nó caitheamh aimsire atá ag muintir bhaile Ceatharlach agus ag an gceantar ina thimpeall.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

***7.*** Luaigh **DHÁ** phíosa fianaise ón léarscáil a thaispeánann go bhfuil seirbhísí oideachais ag baile Ceatharlach.

1. ______________________________


______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** daite a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.
Taispeánann an griangraf cuid de bhaile Ceatharlach.

***8.*** Tá sracléarscáil den aerfótagraf thíos. Scrúdaigh an sracléarscáil.




Taispeánann na litreacha **A, B, C** agus **D** ar an sracléarscáil cá bhfuil roinnt foirgneamh ar an ngriangraf. Meaitseáil gach litir ar an sracléarscáil leis an bhfoirgneamh ceart thíos.

| | |
|---|---|
| Is carrchlós | **D** |
| Is séipeal | |
| Is caisleán | |
| Is sraith tithe agus siopaí | |

(3)

***9.*** Tá ceantar mór glas in aice na habhann sa chúlra ar an taobh deas den ghriangraf. Tá sé marcáilte sa sracléarscáil. Scrúdaigh an ceantar glas go cúramach.

Cén úsáid a bhaintear as an gceantar glas?

______________________________________________________________ (1)

Cén fáth nár tógadh ar an gceantar glas?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ (2)